Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**13044/18**

**AGRI 467**
**AGRIFIN 107**
**FIN 781**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "New options for financing rural development projects: simpler but not focused on results" [Roghanna nua chun tionscadail forbartha tuaithe a mhaoiniú: níos simplí ach gan fócas ar thorthaí]<br>- *Conclúidí ón gComhairle (16 Deireadh Fómhair 2018)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2018: "New options for financing rural development projects: simpler but not focused on results" [Roghanna nua chun tionscadail forbartha tuaithe a mhaoiniú: níos simplí ach gan fócas ar thorthaí]*

a ghlac an Chomhairle ag an 3644ú cruinniú a bhí aici, ar an 16 Deireadh Fómhair 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***"New options for financing rural development projects: simpler but not focused on results" [Roghanna nua chun tionscadail forbartha tuaithe a mhaoiniú: níos simplí ach gan fócas ar thorthaí]***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le "New options for financing rural development projects: simpler but not focused on results" [Roghanna nua chun tionscadail forbartha tuaithe a mhaoiniú: níos simplí ach gan fócas ar thorthaí];

2. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí an t-ualach riaracháin d'údaráis agus tairbhithe a laghdú agus go bhféadfaí na torthaí céanna is a bheadh ann le córais thraidisiúnta aisíocaíochta a bhaint amach ar bhealach níos simplí agus níos gasta ach úsáid a bhaint as roghanna costais simplithe (RCSanna);

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt, atá dírithe ar an gCoimisiún, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go nglacann an Coimisiún le beagnach gach moladh díobh ina n-iomláine agus go bhfuil nó go mbeidh obair leantach iomchuí déanta aige maidir leis na moltaí sin, mar a leagtar amach sna freagraí ón gCoimisiún atá san áireamh sa tuarascáil speisialta;

4. MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfadh athruithe a rinneadh ar an reachtaíocht le déanaí[1] úsáid níos leithne RCSanna a éascú;

5. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR an gá atá le rialacha soiléire go mbeidh na Ballstáit in ann RCSanna a sheiceáil agus a mheasúnú agus chun ról na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus na gcomhlachtaí deimhniúcháin i ndáil leis sin a shoiléiriú agus a shainiú go hiomchuí freisin agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid sin a chur san áireamh ina RCSanna mar aon lena Threoirlínte do Chomhlachtaí Deimhniúcháin sa chlárthréimhse reatha.

---

[1] Rialachán (AE) 2017/2393 (Rialachán Omnibus), go háirithe Airteagal 62(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, mar a leasaítear é.